Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Straitéis Turasóireachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

2023-2028



www.dublincity.ie

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Straitéis Turasóireachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**2023-2028**



**Is é Baile Átha Cliath an áit is tábhachtaí sa tír don turasóireacht ó thíortha thar lear agus tá an turasóireacht mar chuid lárnach de gheilleagar na cathrach. Aithníonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil ról lárnach aici i bhforbairt leanúnach thionscal na turasóireachta sa chathair, agus mar údar na turasóireachta go náisiúnta freisin.** Oibreoimid leis an bhfreagracht seo lena chinntiú go méadóimid ár luach tairisceana agus an straitéis turasóireachta seo don chathair á gcur i bhfeidhm againn. Leis an straitéis seo, tá raon feidhme na ndaoine a shílimid ba chóir bheith sa áireamh maidir le heispéireas na turasóireachta Bhaile Átha Cliath leathnaithe againn, agus tá na meicníochtaí cruthaithe againn chun a chinntiú go mbeidh ról gníomhach ag go leor coirnéil den phobal ina chur i bhfeidhm agus ina rathúlacht. Tá an Plean Forbartha nua de chuid **Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2022-2028** mar thaca leis an uaillmhian seo.



## Ár bhFís i leith na Turasóireachta

**Is cathair í Baile Átha Cliath ina bhfuil na daoine, a spásanna agus a gcuid gníomhaíochtaí i gcroílár tairiscint turasóireachta atá rathúil agus inbhuanaithe.** Is féidir le duine ar bith ó áit ar bith a bheith ina chuairteoir, agus d'fhéadfadh turasóireacht i mBaile Átha Cliath feidhmiú áit ar bith agus a bheith bainteach le hábhar ar bith. Cuireann daoine luach leis an turasóireacht mar chuid thábhachtach dár sláinte shóisialta, chultúrtha, chomhshaoil agus eacnamaíoch agus bíonn taithí acu ar Bhaile Átha Cliath mar chathair shábháilte agus ghlan inar féidir le gach cuairteoir ceangal a dhéanamh lena iliomad daoine, spásanna agus scéalta.



Hugh Lane Gallery, Dublin 1.

## Ár Spriocanna i leith na Turasóireachta

Tá trí sprioc aitheanta againn a raibh tionchar acu ar ár straitéis turasóireachta. **An Duine:** go bhfreastalódh sé ar chlár oibre um fhás a bheadh dírithe ar dhaoine agus bunaithe ar an bpobal. **An Inbhuanaitheacht:** go mbeadh sé réamhghníomhach, cuntasach agus intomhaiste maidir lenár spriocanna aeráide. **An Nuálaíocht:** go mbeadh sé dírithe ar an todhchaí, cruthaitheach, comhoibríoch agus ag ardleibhéal digiteach.



www.dublincity.ie

# Ár bPiléir Straitéiseacha i leith na Turasóireachta

Tá na sé cholún straitéiseacha a leanas aitheanta againn i leith na turasóireachta, a leagfaidh síos an bonn dár Straitéis Turasóireachta nua (2023-2028): **Daoine, Áiteanna agus Spásanna, Cultúr, Gníomhú ar son na hAeráide agus An Inbhuanaitheacht, Nuálaíocht, Sonraí agus Léargais.**



## Daoine

**Aithnímid gur féidir le duine ar bith a bheith ina chuairteoir agus ó áit ar bith.** Ní mór dúinn, mar sin, an scóip a leathnú maidir le cé dó a bhfuil eispéireas turasóireachta Bhaile Átha Cliath, agus an chuma ba cheart a bheith ar an taithí sin. Cinnteoimid go n-aithneoimid cuairteoir ar Bhaile Átha Cliath mar dhuine aonair a bhfuil a gcuid cúiseanna, riachtanais, cultúir agus mianta féin aige.



The Powerscourt Townhouse Centre, Dublin 2.

### Chun é seo a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Cur síos a dhéanamh ar chuairteoir Bhaile Átha Cliath mar dhuine atá ina chónaí go háitiúil nó ar fud réigiún na cathrach, nó a thaistealaíonn go dtí an chathair ó chontaetha eile agus ó thíortha eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh cuspóirí éagsúla dá gcuairt agus áirítear raon éagsúil gníomhaíochtaí, imeachtaí, comhdhálacha, deiseanna agus eispéiris leis sin.

Na gníomhaíochtaí ba mhaith le cuairteoirí a dhéanamh agus an bealach is mian leo iad féin a iompar a aithint. Na bealaí a bhféadfadh sé sin a bheith difriúil do chuairteoirí áitiúla, intíre agus idirnáisiúnta a chur in ord tosaíochta . Agus an meas céanna a léiriú orthu mar rannpháirtithe agus mar phríomhghnéithe de thairiscint turasóireachta Bhaile Átha Cliath.

Baile Átha Cliath agus a bhfuil le tairiscint aige a chur in iúl do gach duine. Pleananna cinntitheacha a chruthú chun díriú ar gach cineál cuairteora i gcur chuige atá dírithe ar dhaoine, ag tairiscint faisnéise agus deiseanna cuairte trínár mbealaí féin agus i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí turasóireachta réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Cruthú na tairisceana turasóireachta measctha a éascú, a léireodh agus a thaispeánfadh fairsinge an chultúir ar fud na gceantar sa chathair. Ár bhfeasacht a chinntiú, go bhfuil tuiscint againn ar riachtanais agus mianta uathúla na gcuairteoirí agus go bhfreagraímid dóibh.

### Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur éirigh linn?

Tá sonraí cuairteoirí Bhaile Átha Cliath ó gach cuid dár ngníomhaíochtaí turasóireachta bailithe agus anailísithe againn, agus tá siad curtha ar fáil againn go hinmheánach agus go seachtrach.

Tá taighde agus suirbhéanna aiseolais ó chuairteoirí déanta againn a thacaíonn lenár bhfoghlaim agus lenár dtuiscint faoi iompar, ionchais, riachtanais agus mianta cuairteoirí.

Tá cumarsáid áitiúil agus do chuairteoirí méadaithe againn inár mbealaí faisnéise agus margaíochta, tá méadú tagtha ar lucht spéise s'againn agus tá ár mbranda d'eispéireas cuartaíochta caomhnaithe agus treisithe againn sa bhaile agus thar lear, trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí margaíochta turasóireachta.

Tá daoine áitiúla agus cuairteoirí intíre spreagtha againn chun a bheith níos gníomhaí lenár dtairiscint agus a bheith compordach tabhairt faoi chuairteanna céaduaire agus athuaire ar an gcathair, trí imeachtaí áirithe, gníomhaíochtaí, anamúlacht ar an bhfearann poiblí agus forbairt eispéiris.

Tá tionscnaimh ar leith bunaithe ar luach agus dílseacht tugtha isteach againn a spreagann forbairt agus rathúlacht na heispéiris, na n-imeachtaí agus na ngníomhaíochtaí saor in aisce agus luach ar airgead do chuairteoirí laistigh den chathair do chuairteoirí áitiúla agus intíre.



# Áiteanna agus Spásanna

**Aithnímid go bhfeidhmíonn an turasóireacht i mBaile Átha Cliath in áiteanna agus spásanna éagsúla** agus go bhfuil ról lárnach againn mar éascaitheoirí i ndearadh, forbairt, bainistíocht, cur i láthair agus glaineacht na bhfoirgneamh, na n-ionad, na sráideanna agus na comharsanachtaí atá mar chuid d'eispéireas cuairteoirí Bhaile Átha Cliath. Cinnteoimid go gcruthóidh agus go gcothóidh an bonneagar agus na seirbhísí do chuairteoirí, atá faoinár sainchúram, saoráidí agus eispéiris shuimiúla, inrochtana, inbhuanaithe agus uilechuimsitheacha do chuairteoirí agus do mhuintir na háite araon.



14 Henrietta Street, Dublin 1.

### Chun é seo a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Inrochtaineacht an bhonneagair turasóireachta a fheabhsú chun freastal ar riachtanais rochtana gach cuairteora dár gcathair.

Áiseanna agus spásanna cultúrtha, sóisialta, oidhreachta, áineasa agus spóirt a fhorbairt agus a chaomhnú, ceantair agus pobail ar fud na cathrach a fhorbairt, agus meicníochtaí a fhorbairt chun tacú le cuairteoirí a mhealladh chuig na heispéiris éagsúla uathúla seo. Leanfaimid orainn ag cruthú agus ag bunú spásanna inar féidir le cuairteoirí agus muintir na háite teacht le chéile mar chuid d'eispéireas uilíoch, ag cinntiú go ndéantar ionadaíocht ar dhaoine, ionas go mbeidh tairiscintí turasóireachta againn do gach cineál cuairteoirí.

Cothromaíocht a chinntiú idir an t-éileamh ar bhonneagar cuairteoirí amach anseo, agus an gá atá le carachtar na háite agus an pobal áitiúil a chothabháil laistigh den fhorbairt agus cinntí pleanála um áiseanna turasóireachta, mar atá sonraithe i gCaibidil 15: Caighdeáin Forbartha (Cuid 15.14.1) Plean Forbartha CCBÁC 2022-2028.

Comhpháirtíocht a bhunú agus comhoibriú ar fud na ranna agus go seachtrach le grúpaí poiblí, údaráis, institiúidí agus cuideachtaí príobháideacha, chun uasghrádú, feabhsú, léiriú, sábháilteacht agus glaineacht leanúnach an bhonneagair, na sráideanna, na bpáirceanna agus na n-ionad ina bhfeidhmíonn eispéiris chuairteoirí a éascú. Cabhróidh muid le dearadh agus cruthú bonneagair agus eispéiris cuairteoirí den scoth i gCathair Bhaile Átha Cliath a éascú. Déanfaimid forbairt agus rathúlacht na bPleananna Forbartha um Eispéireas Bhaile Átha Cliath agus na Pleananna Turasóireachta atá ag ár gcomhpháirtithe in Údarás Áitiúil Réigiún Bhaile Átha Cliath a éascú.

### Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur éirigh linn?

Tá bonneagar turasóireachta inrochtana forbartha againn agus d'iarramar ar chuairteoirí fianaise a thabhairt trí aiseolas cáilíochtúil, ar aon dul leis na rialacháin tógála atá ann cheana féin agus na caighdeáin dea-chleachtais de réir na gCaighdeán Forbartha atá ann cheana féin ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (15.4.4 Cuimsitheacht agus Inrochtaineacht).

Chabhraigh muid le réimse tairiscintí cultúrtha, sóisialta, oidhreachta, áineasa agus spóirt a fhorbairt a thumann agus a threoraíonn cuairteoirí ar fud na cathrach, agus tá méadracht bunaithe againn chun an sruth cuairteoirí seo a thuiscint agus a mheas.

Tá torthaí na n-iarratas pleanála don bhonneagar cuairteoirí tomhaiste againn agus tá úsáid mheasctha molta againn d'aon fhorbairt bheartaithe i dtaca leis an tionchar atá aige ar charachtar na háite agus ar phobail áitiúla.

Tá iniúchadh cruthaithe againn ar eispéiris cuairteoirí, ar áiteanna is díol spéise iad, ar ghníomhaíochtaí agus ar ionaid a uasghrádaíodh agus a feabhsaíodh le linn na tréimhse. Tá méadracht cháilíochtúil agus chainníochtúil bunaithe againn chun tionchar na hoibre seo a thuiscint agus a mheas.

## Cultúr

**Aithnímid gur féidir le héagsúlacht bríonna a bheith faoi choincheap an chultúir do chuairteoirí Bhaile Átha Cliath.** Feicimid deiseanna ollmhóra i gcultúr iomlán Bhaile Átha Cliath, inár spásanna agus áiteanna cultúrtha, ealaíontóirí agus déantóirí, pearsantachtaí spóirt agus cultúir, idir dhaoine atá ag teacht chun cinn agus iad a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

Ba mhaith linn scéalta áitiúla agus glórtha éagsúla na cathrach a roinnt le cuairteoirí, ag cinntiú go gcosnóimis agus go mbainimis tairbhe as ár n-oidhreacht chultúrtha, chomh maith le cumas, cruthaitheacht agus caidreamh na háite, chun freagairtí mothúcháin úra a ghiniúint ó chuairteoirí a scarann ó áiteanna eile muid.



Smithfield Fleadh, Smithfield Square, Dublin 7.

### Chun é seo a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Leas a bhaint as áiteanna agus spásanna ina bhfeidhmeoidh an cultúr, ina dtaispeánfar, léireofar, foghlaimeofar nó ina ndéanfar é in éineacht le cuairteoirí.

A chinntiú go mbeidh ár ngníomhartha agus torthaí turasóireachta mar thaca le Straitéis Chultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Fóraim a bhunú a éascóidh rialachas an chultúir agus na turasóireachta, ag tabhairt grúpaí úsáideoirí agus dearcthaí nua ón gcathair ar fad isteach sa phróiseas dialóige agus cinnteoireachta atá ann faoi láthair i leith na turasóireachta.

Iarracht a dhéanamh gnóthachan eacnamaíocha ón turasóireacht a athinfheistiú in éiceachóras inbhuanaithe cultúrtha a chuirfidh chun cinn na hinstitiúidí, údaráis áitiúla, muintir na háite, cuairteoirí, scéalta, tionscnaimh agus ceantair atá sa chathair cheana féin.



### Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur éirigh linn?

D'éascaíomar fás réimse imeachtaí, comhdhálacha, féilte agus gníomhaíochtaí atá ar fáil do dhaoine le bheith rannpháirteach iontu, a fhreastalaíonn ar an tairiscint chultúrtha atá ag teacht chun cinn i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear geilleagar na hoíche.

Chruthaíomar agus chostálamar an plean gníomhaíochta agus an creat meastóireachta, agus cheanglaíomar é le gníomhartha a leagtar amach sa Straitéis Chultúrtha.

Tá fóram turasóireachta cruthaithe againn a thagann le chéile go rialta chun éisteacht le raon leathan dár gcomhpháirtithe turasóireachta. Cruthóidh an fóram plean gníomhaíochta chun a mholtaí a chostáil agus a chur i bhfeidhm.

Is féidir linn a chruthú go bhfuil infheistíocht mhéadaithe déanta i mbonneagar agus seirbhísí cultúrtha agus turasóireachta, bunaithe ar bhunlíne socraithe.



# Gníomhú ar son na hAeráide agus An Inbhuanaitheacht

**Chun spriocanna ár bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Aeráid a bhaint amach, aithnímid gur príomhghníomh é an tionscal turasóireachta a chumasú ar bhealach níos inbhuanaithe.** Cinnteoimid freisin go bhfreastalóidh ár n-uaillmhianta turasóireachta ar na haidhmeanna agus na hoibleagáidí aeráide níos leithne laistigh de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028, is iad sin cathair a fhorbairt atá: ar bheag-astú carbóin, inbhuanaithe agus seasmhach ó thaobh na haeráide de.



Dublin Bay UNESCO Biosphere.





## Chun é seo a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus sainmhíniú an EDTNA ar Thurasóireacht Inbhuanaithe a leabú laistigh dár straitéisí agus creataí forbartha turasóireachta. Beidh Baile Átha Cliath ar an gcéad chathair Éireannach a shínigh Dearbhú Ghlaschú na NA ar Ghníomhú ar son na hAeráide sa Turasóireacht, a chruthóidh plean agus pointe tagartha chun ár spriocanna turasóireachta inbhuanaithe a bhaint amach.

Tosaíocht a dhéanamh dár dtionscnaimh nua turasóireachta i dtreo cuairteoirí áitiúla agus intíre, a mbeidh tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol agus a dháilfidh cuairteoirí ar fud na cathrach.

Gníomhartha an Údaráis Áitiúil den Bheartas Turasóireachta Náisiúnta nua a chur i bhfeidhm.

Rathúlacht na n-eispéireas turasóireachta inbhuanaithe atá ann cheana féin a chur chun cinn, cosúil le páirceanna, ionaid, gluaiseacht inbhuanaithe na gcuairteoirí agus na roghanna iompair. Oibreoimid i dtreo creidiúnú inbhuanaitheachta aitheanta d'ionaid agus d'eispéiris cuairteoirí arna n-oibriú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá ag laghdú lorg carbóin ár spásanna turasóireachta sa chathair.

## Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur éirigh linn?

Tá dul chun cinn fiúntach déanta againn chun ár lorg carbóin turasóireachta a laghdú de réir ár spriocanna agus aidhmeanna aeráide mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028.

Tá tionscnaimh nua turasóireachta cruthaithe againn chun meascán de chuairteoirí áitiúla agus cuairteoirí intíre a mhealladh, a mbíonn an tionchar is lú acu ar an gcomhshaol agus ar acmhainní na cathrach.

Trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta turasóireachta agus iompair agus comhlachtaí margaíochta turasóireachta idirnáisiúnta, tá bolscaireacht ar ár dtáirgí turasóireachta inbhuanaithe méadaithe againn, amhail Bithsféar Chuan Bhaile Átha Cliath UNESCO, chomh maith le heispéiris inbhuanaithe agus modhanna iompair.

Tá creidiúnú turasóireachta inbhuanaithe inaitheanta agus caighdeánaithe deimhnithe againn dár n-ionaid chultúir agus dár n-eispéiris chuairteoirí go léir.

Dublin Discovery Trails App.



www.dublindiscoverytrails.ie



## Nuálaíocht

**Aithnímid an deis iontach atá againn lenár saineolas sa teicneolaíocht, sa chultúr agus sa turasóireacht a chumasc chun tairiscint níos dírithe ar an todhchaí a thógáil i mBaile Átha Cliath.** Beidh nuálaíocht laistigh den tionscal turasóireachta i mBaile Átha Cliath a thástáil againn, rud i ndeireadh na dála, a chuirfidh le heispéiris níos fearr do chuairteoirí.



### Chun é seo a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Forbairt eispéiris, táirgí agus seirbhísí nuálacha den scoth a éascú do na cuairteoirí a bhaineann leas as ár gcathair.

Forbairt eispéiris nuálach do chuairteoirí sa turasóireacht i mBaile Átha Cliath a threorú trí smaointe agus cur chuige nua a thástáil agus a thriail.

Tríd na líonraí atá tógtha ag Baile Átha Cliath, comhoibreoimid, roinnfimid agus foghlaimeoimid ó áiteanna náisiúnta, idirnáisiúnta agus Eorpacha eile.

Tacú leis an gClár um Thurasóireacht Chliste do Bhaile Átha Cliath agus leis an nGrúpa Eorpach um Chinn Scríbe Cliste laistigh d'Aonad Turasóireachta Chathair Bhaile Átha Cliath, chun an nuálaíocht a chothú agus a chur chun cinn laistigh de thairiscint turasóireachta na cathrach.

### Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur éirigh linn?

Tá éagsúlacht eispéiris nuálacha cruthaithe againn ar fud na cathrach a chuireann dea-chleachtas i bhfeidhm.

Tá ár gcur chuige roinnte againn agus rinne muid na héachtaí agus teipeanna a mheas, ionas gur féidir linn foghlaim uaidh.

Trí líonraí idir piaraí s'againn, leanamar orainn mar áit atá chun tosaigh agus aitheanta ar leibhéal domhanda.

Tá rathúlacht áitiúil agus Eorpach agus luach an Chláir um Thurasóireacht Chliste cruthaithe againn, trí oibriú ar thairiscintí turasóireachta reatha agus úra, laistigh de thionscadail agus bonneagar atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

# Straitéis Turasóireachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**2023-2028**









Trinity College, Dublin 2.



## Sonraí agus Léargais

**Aithnímid go bhfuil gá le mórshonraí ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus inbhuanaitheachta a bhaineann lenár gcuid oibre sa chathair.** Ba cheart go mbeadh ár sonraí cuimsitheach, tráthúil agus inchomparáide agus in ann spriocanna fadréimseacha a leagan amach chun tacú le cuspóirí beartais a sholáthar agus leis an tagarmharcáil iomaíoch.

### Chun é seo a bhaint amach, déanfaimid na nithe seo a leanas:

Léargais sonraí nua a fhorbairt chun ár dtuiscint ar chuairteoirí agus eispéiris chónaithe, idir dhearfach agus dhiúltach, a neartú.

Tacaíocht a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara agus dár gcinnteoirí trí sonraí agus léargais fíor-ama fiúntacha a sholáthar.

Léargais a fháil chun turasóireacht a thomhas taobh amuigh dá tionchar eacnamaíoch chun tionchar sóisialta, cultúrtha agus comhshaoil a chur san áireamh.

Feabhas a chur ar a ndéanaimid ionas gur féidir linn dea-chleachtais a roinnt agus a fhoghlaim lenár gcomhpháirtithe, go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.

### Cén chaoi a bhfuil a fhios againn gur éirigh linn?

Threoraíomar agus thacaíomar le fáil agus soláthar foinsí nua sonraí turasóireachta, i mBaile Átha Cliath agus ar bhonn náisiúnta, chun barainneachtaí scála a chruthú maidir le fáil sonraí.

Tá ardáin sonraí turasóireachta nua agus comhroinnte forbartha againn, a chuireann le cumas na gcomhpháirtithe éagsúla leas a bhaint as eolas turasóireachta feabhsaithe.

Thacaíomar le léargais nua ar shonraí turasóireachta, a thomhaiseann tionchar sóisialta, cultúrtha, comhshaoil agus eacnamaíoch.

Leanamar ag cur leis an bplé áitiúil agus náisiúnta ar fhorbairt sonraí turasóireachta trí thionscnaimh agus trí chomhoibriú nua.



SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

**Comhthéacs.** D'fhonn ár straitéis turasóireachta a nascadh le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA agus le clár oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, tá gach colún turasóireachta ceangailte againn le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) ar leith. Is iad na SFInna ar cheangail muid ár Straitéis leo ná SFI Uimh. 9 Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar; SFI Uimh. 11 Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe; SFI Uimh. 12 Patrúin Inbhuanaithe Tomhaltais agus Táirgthe, SFI Uimh. 13 Gníomhú ar son na hAeráide agus SFI Uimh. 17 Comhpháirtíochtaí le haghaidh na Sprice. Ghlacamar freisin le sainmhíniú an EDTNA (Eagraíocht Dhomhanda Turasóireachta na Náisiún Aontaithe) ar thurasóireacht inbhuanaithe mar thaca don obair seo.

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Straitéis Turasóireachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**2023-2028**




**Is é Baile Átha Cliath an áit is tábhachtaí sa tír don turasóireacht ó thíortha thar lear agus tá an turasóireacht mar chuid lárnach de gheilleagar na cathrach. Aithníonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil ról lárnach aici i bhforbairt leanúnach thionscal na turasóireachta sa chathair, agus mar údar na turasóireachta go náisiúnta freisin.** Oibreoimid leis an bhfreagracht seo lena chinntiú go méadóimid ár luach tairisceana agus an straitéis turasóireachta seo don chathair á gcur i bhfeidhm againn. Leis an straitéis seo, tá raon feidhme na ndaoine a shílimid ba chóir bheith sa áireamh maidir le heispéireas na turasóireachta Bhaile Átha Cliath leathnaithe againn, agus tá na meicníochtaí cruthaithe againn chun a chinntiú go mbeidh ról gníomhach ag go leor coirnéil den phobal ina chur i bhfeidhm agus ina rathúlacht. Tá an Plean Forbartha nua de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2022-2028mar thaca leis an uaillmhian seo.

## Ár bhFís i leith na Turasóireachta

**Is cathair í Baile Átha Cliath ina bhfuil na daoine, a spásanna agus a gcuid gníomhaíochtaí i gcroílár tairiscint turasóireachta atá rathúil agus inbhuanaithe.** Is féidir le duine ar bith ó áit ar bith a bheith ina chuairteoir, agus d'fhéadfadh turasóireacht i mBaile Átha Cliath feidhmiú áit ar bith agus a bheith bainteach le hábhar ar bith. Cuireann daoine luach leis an turasóireacht mar chuid thábhachtach dár sláinte shóisialta, chultúrtha, chomhshaoil agus eacnamaíoch agus bíonn taithí acu ar Bhaile Átha Cliath mar chathair shábháilte agus ghlan inar féidir le gach cuairteoir ceangal a dhéanamh lena iliomad daoine, spásanna agus scéalta.

## Ár Spriocanna i leith na Turasóireachta

Tá trí sprioc aitheanta againn a raibh tionchar acu ar ár straitéis turasóireachta. **An Duine:** go bhfreastalódh sé ar chlár oibre um fhás a bheadh dírithe ar dhaoine agus bunaithe ar an bpobal. **An Inbhuanaitheacht:** go mbeadh sé réamhghníomhach, cuntasach agus intomhaiste maidir lenár spriocanna aeráide. **An Nuálaíocht:** go mbeadh sé dírithe ar an todhchaí, cruthaitheach, comhoibríoch agus ag ardleibhéal digiteach.

## Ár bPiléir Straitéiseacha i leith na Turasóireachta

Tá na sé cholún straitéiseacha a leanas aitheanta againn i leith na turasóireachta, a leagfaidh síos an bonn dár Straitéis Turasóireachta nua (2023-2028): **Daoine, Áiteanna agus Spásanna, Cultúr, Gníomhú ar son na hAeráide agus An Inbhuanaitheacht, Nuálaíocht, Sonraí agus Léargais.**

## Daoine

**Aithnímid gur féidir le duine ar bith a bheith ina chuairteoir agus ó áit ar bith.** Ní mór dúinn, mar sin, an scóip a leathnú maidir le cé dó a bhfuil eispéireas turasóireachta Bhaile Átha Cliath, agus an chuma ba cheart a bheith ar an taithí sin. Cinnteoimid go n-aithneoimid cuairteoir ar Bhaile Átha Cliath mar dhuine aonair a bhfuil a gcuid cúiseanna, riachtanais, cultúir agus mianta féin aige.

## Nuálaíocht

**Aithnímid an deis iontach atá againn lenár saineolas sa teicneolaíocht, sa chultúr agus sa turasóireacht a chumasc chun tairiscint níos dírithe ar an todhchaí a thógáil i mBaile Átha Cliath.** Beidh nuálaíocht laistigh den tionscal turasóireachta i mBaile Átha Cliath a thástáil againn, rud i ndeireadh na dála, a chuirfidh le heispéiris níos fearr do chuairteoirí.

## Sonraí agus Léargais

**Aithnímid go bhfuil gá le mórshonraí ar an tionchar eacnamaíoch, sóisialta agus inbhuanaitheachta a bhaineann lenár gcuid oibre sa chathair.** Ba cheart go mbeadh ár sonraí cuimsitheach, tráthúil agus inchomparáide agus in ann spriocanna fadréimseacha a leagan amach chun tacú le cuspóirí beartais a sholáthar agus leis an tagarmharcáil iomaíoch.

## Gníomhú ar son na hAeráide agus An Inbhuanaitheacht

**Chun spriocanna ár bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Aeráid a bhaint amach, aithnímid gur príomhghníomh é an tionscal turasóireachta a chumasú ar bhealach níos inbhuanaithe.** Cinnteoimid freisin go bhfreastalóidh ár n-uaillmhianta turasóireachta ar na haidhmeanna agus na hoibleagáidí aeráide níos leithne laistigh de Phlean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028, is iad sin cathair a fhorbairt atá: ar bheag-astú carbóin, inbhuanaithe agus seasmhach ó thaobh na haeráide de.

## Cultúr

**Aithnímid gur féidir le héagsúlacht bríonna a bheith faoi choincheap an chultúir do chuairteoirí Bhaile Átha Cliath.** Feicimid deiseanna ollmhóra i gcultúr iomlán Bhaile Átha Cliath, inár spásanna agus áiteanna cultúrtha, ealaíontóirí agus déantóirí, pearsantachtaí spóirt agus cultúir, idir dhaoine atá ag teacht chun cinn agus iad a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu.

Ba mhaith linn scéalta áitiúla agus glórtha éagsúla na cathrach a roinnt le cuairteoirí, ag cinntiú go gcosnóimis agus go mbainimis tairbhe as ár n-oidhreacht chultúrtha, chomh maith le cumas, cruthaitheacht agus caidreamh na háite, chun freagairtí mothúcháin úra a ghiniúint ó chuairteoirí a scarann ó áiteanna eile muid.

## Áiteanna agus Spásanna

**Aithnímid go bhfeidhmíonn an turasóireacht i mBaile Átha Cliath in áiteanna agus spásanna éagsúla** agus go bhfuil ról lárnach againn mar éascaitheoirí i ndearadh, forbairt, bainistíocht, cur i láthair agus glaineacht na bhfoirgneamh, na n-ionad, na sráideanna agus na comharsanachtaí atá mar chuid d'eispéireas cuairteoirí Bhaile Átha Cliath. Cinnteoimid go gcruthóidh agus go gcothóidh an bonneagar agus na seirbhísí do chuairteoirí, atá faoinár sainchúram, saoráidí agus eispéiris shuimiúla, inrochtana, inbhuanaithe agus uilechuimsitheacha do chuairteoirí agus do mhuintir na háite araon.

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Straitéis Turasóireachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

2023-2028

**Design:** Motif.ie **Print:** Plusprint.ie



www.dublincity.ie